


ExamLearn.ie



Oisín i dTír na nÓg

Oisín i dTír na nÓg

Scéal Béaloidis

Achoimre

Lá amháin bhí trí chéad fear ag baint cloch i nGleann na Smól. Ach bhí an chloch róthrom dóibh. Chonaic siad fear láidir ag teacht chucu ar chapall bán. D'iarr siad air cabhrú leo. D'éirigh leis é a ardú go héasca. Ach le linn dó bheith á dhéanamh thit sé den chapall agus fágadh Oisín ina sheanfhear críonna. Cuireadh i láthair Naomh Pádraig é agus d'inis sé a scéal dó faoi Thír na nÓg agus Niamh Chinn Óir.

Bhí Oisín agus Na Fianna ag seilg lá amháin nuair a bhuail siad le Niamh Chinn Óir. Ní raibh Na Fianna in ann a chreidiúint cé chomh dathúil a bhí an bhean álainn seo. Bhí cion aici d'Oisín agus chuir sí faoi gheasa é teacht go Tír na nÓg léi. Bhí cumha ar Oisín nár mhór dó a chlann agus a chairde a thréigean, agus ní raibh an dara rogha aici.

Chuaigh Oisín go Tír na nÓg le Niamh agus chaith siad saol breá ann, le clann, páistí agus féastaí. Ach de réir mar a dhruid na blianta ar aghaidh d'éirigh Oisín uaigneach agus theastaigh uaidh Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís. Thoiligh Niamh ligean dó dul ar an each bán, ach dúirt sí leis go soiléir gan titim den chapall.

Nuair a shroich Oisín go hÉirinn chuardaigh sé Fionn agus na Fianna ach ba chosúil go raibh siad marbh ar feadh i bhfad agus nach raibh trácht orthu ach sa seanchas. Ansin tharla an eachtra leis an gcloch nuair a casadh Oisín leis an gcloch, thit sé den chapall agus fágadh é ina sheanfhear.

D'iompaigh Naomh Pádraig Oisín ina Chríostaí agus mhúin soiscéal Dé dó i ndeireadh a shaoil.

Téamaí

An Phagántacht agus an Chríostaíocht

Is scéal Fiannaíochta ar leith atá sa leagan seo d'Oisín i dTír na nÓg. Ba phagánaigh a bhí i muintir na hÉireann ar feadh i bhfad, agus ba bhreá leo scéalta béaloidis mar shiamsaíocht. Ach sa scéal seo buaileann Oisín, duine de na Fianna, le carachtar tábhachtach sa Chríostaíocht, Naomh Pádraig.

Thart ar an am go raibh an scéal seo á insint bhí an Chríostaíocht tagtha go hÉirinn agus theastaigh ó bhail na hEaglaise go n-athródh daoine ina gCríostaithe. Cén sampla níos fearr a d'fhéadfaí a thabhairt de seo ná laocha de chuid na bhFiann, Oisín ag glacadh leis an gCríostaíocht ó Naomh Pádraig.

Is brónach an ní é go bhfuil na Fianna ar fad marbh, ach cabhraíonn Naomh Pádraig leis an laoch Fiannaíochta deireanach a thiontú ina Chríostaí ag deireadh a shaoil. Is tábhachtach an léiriú é seo, agus insíodh an scéal chun iarraidh ar Phagánaigh casadh i dtreo na Críostaíochta.

An tÓsnádúr

Tá eilimintí ósnádúrtha le feiceáil sa scéal seo. Ar ndóigh níl a leithéid d'áit ar féidir dul ann nach bhfeicfidh tú "meath ná éag". Agus ní hamhlaidh go bhfuil capaill dhraíochtúla a choinníonn óg tú ach oiread. Ach tá na scéalta béaloidis níos spéisiúile nuair a bhíonn rudaí den chineál seo ann, toisc go ligean siad do ghníomhaíochtaí tarlú atá riachtanach don phlota.

Ní bheadh fonn ar Oisín Na Fianna ar fad a fhágáil taobh thiar dó. Ach toisc go gcuireann Niamh faoi gheasa é caithfidh sé dul léi, nó gheobhadh sé bás nach bhfulaingeach fíorlaoch. Ceadáíonn geasaí sna scéalta seo ligean d'eachtraí tarlú nach dtarlódh murach iad.

Caithear cuimhneamh gur insíodh na scéalta béaloidis seo do ghnáthdhaoine chun siamsaíocht a thabhairt dóibh. Tá sé iontach bheith ag cloisteáil faoi ghaiscí dochreidte a chuireann Na Fianna i gcrích gan stró. D'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir seo agus an tsuim atá ag daoine i gcláir agus scannáin faoi shárlaochra sa lá atá inniu ann!

Teicníochtaí

Áibhéil

Éiríonn le gaiscí i scéalta Béaloidis éachtaí a bhaint amach a bheadh dodhéanta do ghnáthdhaoine. Mar shampla, tá sé beagáinín thar fóir go mbeadh ag teipeadh ar thrí chéad fear cloch a bhaint, ach go n-éireodh le hOisín amháin an chloch chéanna a chur "seacht bpéirse as a háit".

Cloistear go minic i scéalta Fiannaíochta faoi laochra ag cur gníomhaíochtaí fisiciúla i gcrích atá áiféiseach ar fad. Coinníonn eachtraí mar seo ár spéis sa scéal. Mar tá sé taitneamhach ár samhlaíocht a ligean le sruth agus bheith ag cloisteáil faoi na nithe dochreidte seo a bhíonn ag tarlú i ndomhan ficseanúil fantaiseach.

Chun fáilte a chur roimh Oisín nuair a thagann sé go Tír na nÓg eagraítear féile deich lá is oíche dó. Dá ndéanfadh aon duine iarracht cóisir a chur ar bun ar feadh tréimhse chomh fada sin san fhíorshaol is dócha go bhfaighidís bás, ach seo rud ar féidir le laochra i scéalta béaloidis a dhéanamh gan aon fhadhb.

Uimhreacha draíochtúla

Is móitíf coitianta í úsáid uimhreacha draíochtúla i scéalta béaloidis. Bhí go leor piseog ag baint le saol na págántachta. Tagann na huimhreacha trí agus seacht chun cinn go rialta sa scéal, déanann an t-each bán "trí seitreacha ar an trá", bíonn triúr páistí ag Niamh agus Oisín i dTír na nÓg agus tugann sí rabhadh d'Oisín trí huaire gan titim den chapall. Cruthaíonn an teicníc seo bísimíní agus sceitimíní. Má tharlaíonn rud éigin dhá huaire, tuigeann an t-éisteoir go bhfuil seans maith go dtiocfaidh an tríú huaire chomh maith. Ardaíonn piseog gnáththarlúintí go leibhéal eile, agus bíonn níos mó brí ag baint leo dá bharr. Tá an méid céanna fíor faoin uimhir seacht chomh maith "seacht bpéirse as a háit".

Carachtair

Oisín

Is laoch clasaiceach de chuid na Fianna é Oisín. Tá neart dochreidte aige, éiríonn leis gaiscí dochreidte a bhaint amach gan stró, cosúil leis an gcloch a ardú. Is duine cróga agus stuama é chomh maith. Bíonn brón air nuair a thuigeann sé gur gá dó a chlann agus a chairde a fhágáil taobh thiar dó agus dul go Tír na nÓg.

Ach is duine cróga é ag an am céanna, ní ghéilleann sé don gheasa agus téann sé i ngleic leis an dúshlán úrnua atá amach uaidh i dTír na nÓg. Bíonn páistí agus clann agus saol breá aige ann de réir dealramh. Ní leor sin dó áfach. Fanann a fhiosracht agus bíonn sé fós ar thóir dúshlán eile. Déanann sé an cinneadh fillleadh ar Éirinn chun a chlann agus a chairde a fheiceáil, míníonn Niamh an baol atá ag baint leis an turas dó ach téann sé in ainneoin an dainséir.

Ag deireadh an scéil, cuirtear casadh beag ar scéal Fiannaíochta nuair a thugtar Oisín i láthair Naomh Pádraig, agus go n-aistrítear ina Chríostaí é. Rinneadh seo chun iarraidh ar a thuilleadh págánach glacadh leis an gCríostaíocht nuair a tháinig sé go hÉirinn.

Naomh Pádraig

Cruthaítear íomhá láidir de Naomh Pádraig sa scéal seo. Tá sé cumhachtach go mbeadh laoch Fiannaíochta, Oisín, ag teacht chuige, ag iarraidh go gcuirfeadh sé biseach air. Tá codarsnacht ghéar idir Oisín, laoch a bhí iontach láidir, ach atá anois ina sheanfhear, agus Naomh Pádraig. Is ag Pádraig atá an chumacht sa suíomh seo.

Léiríonn sé trócaire dó. Ligeann sé d'Oisín glacadh leis an gCríostaíocht. An cuspóir atá leis seo ná go dtuigfeadh na págánaigh go bhfuil fáilte rompu bheith ina gCríostaithe. Bhí Naomh Pádraig ag iarraidh teacht ar chomhréiteach a ligfeadh do phagánaigh teacht isteach sa Chríostaíocht ar théarmaí a bhí in oiriúint don dá dhream. Is éascaitheoir é Naomh Pádraig sa ghluaiseacht creidimh seo.